Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

An Bhruiséil, 9 Eanáir 2024

CM 1051/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0359(NLE)**

**PECHE**
**PROCED**
**UK**
**N**

**TEACHTAIREACHT**

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | LIFE.Fisheries@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 8174 |
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194<br>- Údarú an nós imeachta i scríbhinn a úsáid<br>- Glacadh an Rialacháin<br>- Formheas na ráiteas ón gComhairle agus an ráitis ón gComhairle agus ón gCoimisiún<br>= TÚS A CHUR LEIS AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN |

I gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, chinn an Uachtaránacht nós imeachta i scríbhinn a sheoladh chun an Rialachán thuasluaite ón gComhairle a ghlacadh, mar a leagtar amach in 16570/23 + ADD 1 + ADD 2 + ADD 3 REV 1 é.

Iarrtar oraibh a chur in iúl:

(1) An aontaíonn sibh an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le go nglacfar an Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, nó NÍ AONTAÍMID a thabhairt mar fhreagra.**

(2) An aontaíonn sibh go nglacfar an Rialachán thuasluaite ón gComhairle, mar a leagtar amach in 16570/23 + ADD 1 + ADD 2 + ADD 3 REV 1 é.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

(3) An aontaíonn sibh leis na dréachtráitis ón gComhairle agus leis an ráiteas ón gComhairle agus ón gCoimisiún mar a leagtar amach in 5027/24 REV 1 iad.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

Is tráth a fhreagraítear na ceisteanna ba cheart aon ráitis aontaobhacha, sa bhreis orthu sin atá in 5027/24 REV 1 + ADD 1, a dhéanamh.

Ba cheart na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle, a luaithe is féidir, agus **ar a dhéanaí faoi 11.00, Dé Céadaoin, an 10 Eanáir (am na Bruiséile)**. Ba cheart na freagraí a sheoladh le ríomhphost chuig LIFE.fisheries@consilium.europa.eu.